
- úsáid a bhaint as téip chumhdaigh ar pháipéar, etc.

*Cén cruth a d'fhéadfaimis a dhéanamh le 3 dhalta?*
*Cén cruth eile a d'fhéadfaimis a dhéanamh?*
*Cé mhéad dalta a bheadh ag teastáil chuige?*
*An gcaitheann na sleasa go léir a bheith ar chomhfhad?*
*A Shéamais, an féidir leat an méid a dúirt Máire a rá arís i d'fhocail féin?*

## Cruthanna le Cipíní Líreacáin



Féadfaidh daltaí oibriú ina mbeirteanna don ghníomhaíocht seo. Tabhair 10 gcipín líreacáin dóibh agus iarr orthu *a oiread* cruthanna 2-D *agus is féidir* a chruthú. D'fhéadfaí 12, 15, 20 nó líon ar bith cipíní do dhaltaí chun cur leis an ngníomhaíocht seo. Sula dtabharfaí cipíní breise dóibh, d'iarrfaí ar dhaltaí a dhéanamh amach cé mhéad cruth sa bhreis a bheidís in ann a dhéanamh leis na cipíní breise.

*Cé mhéad cruth a rinne tú, a Shéamuis? Cad iad féin?*
*An raibh aon chipíní fágtha agat gan úsáid? Cén fáth?*
*An bhféadfá é a dhéanamh ar bhealach eile agus gan aon chipín a bheith fágtha gan úsáid?*
*An ndearna aon duine eile líon difriúil cruthanna?*
*Cen fáth a raibh níos mó/níos lú cruthanna ná Séamus agat?*
*Cén fáth a raibh níos mó cruthanna agat le triantáin ná mar a bhí ag Pádraig le dronuilleoga?*